



## Téama: Déileáil go comhionann le daoine? - Cearta an Duine

### Roinn 2: Na cearta atá agatsa

Tá cearta agam... Tá cearta agat... Cén tionchar atá ag na cearta atá agatsa ar na cearta atá agamsa? Díríonn an roinn seo ar na cearta atá ag daoine eile agus ar an nasc idir cearta agus freagrachtaí.

*Rabhadh: Tabhair do d'aire go bhfuil naisc chuig láithreáin ghréasáin ar nós YouTube san aonad seo. D'fhéadfadh athrú teacht ar a bhfuil ar láithreáin sheachtracha agus ba cheart súil a choinneáil air chun bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach do dhaltaí scoile.*

### Torthaí foghlama na roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- Tuiscint a fhorbairt agus idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí
- An gaol idir domhandú, nósanna áitiúla agus cearta a thuiscint
- Scrúdú a dhéanamh ar a gcuid teorainneacha agus tosaíochtaí a mhéid a bhaineann leo féin agus le daoine eile

### Acmhainní atá curtha ar fáil

Acmhainn 4	Scéal Iqbal
Acmhainn 5	Athluanna ón tionscal faisin
Acmhainn 6	Grianghraif
Acmhainn 7	Scéalta
Acmhainn 8	Cásanna samplacha

### Gníomhaíocht Ranga 1: Níos tábhachtaí ná mo chearta?

Cuir ceisteanna ar na daltaí faoi na héadaí atá orthu: cén áit a rinneadh iad? An bhfuil aon eolas ag na daltaí faoi chearta an duine sa tír áirithe sin? Cuir in iúl dóibh nach bhfuil cearta an duine cosanta ag an dlí i dtíortha áirithe ar an gcaoi chéanna atá i dtíortha eile. I dtíortha áirithe, oibríonn daoine fásta i bhfad níos mo ná 8 n-uaire an chloig sa ló ar feadh 5 lá sa tseachtain, agus bíonn siad ar phá an-íseal agus gan aon cosaint dhlíthiúil acu. Ina theannta sin, uaireanta oibríonn leanaí seachas dul ar scoil. Faigh amach conas a bhraitheann na daltaí nuair a smaoiníonn siad ar leanaí i dtíortha eile nach bhfuil ábalta dul ar scoil, b'fhéidir, toisc gurb iad a dhéanann na héadaí atá á gcaitheamh ag daltaí na scoile seo?

Féach ar na hathluanna ón tionscal faisin a thugtar in Acmhainn 5 agus cur iad i gcodarsnacht le scéal Iqbal in Acmhainn 4. Fiafraigh de na daltaí an mbraitheann siad gur féidir leo rud éigin a dhéanamh, nó gur chóir dóibh rud éigin a dhéanamh. Cá stopann ár saoirse agus ár gcearta, agus cá dtosaíonn an tsaoirse agus na cearta atá ag daoine eile? Mura bhfuil sé ráite acu cheana, mínigh gurb ionann na cearta atá againne agus an fhreagracht atá ar dhaoine eile, agus a mhalairt. Iarr ar na daltaí an oibleagáid atá taobh thiar de gach ceann de na cearta atá ar 'Bhalla na gCeart' a chruthaigh siad i Roinn 1 a shainaithint.



## Gníomhaíocht Ghrúpa 1: Cearta leanaí anois agus anallód

Fiafraigh de na daltaí cén fáth go bhfuil dlí i dtíortha áirithe chun cearta a chosaint? Taispeáin na pictiúir atá in Acmhainn 6 dóibh agus iarr orthu trácht a dhéanamh ar an méid a fheiceann siad: an féidir leis na daltaí an comhthéacs a thomhas? Cá as na leanaí seo, dar leo? Cathain a cheapann tú a tógadh na pictiúir seo? Mínigh dóibh gur feiniméan coitianta ab ea saothar leanaí ar fud na hEorpa i rith na Réabhlóide Tionsclaíche; ní raibh an t-oideachas éigeantach agus de bharr an bhochtanais bhí ar theaghlaigh a gclann a chur go dtí mianaigh nó monarchana chun obair a dhéanamh. Tar éis an phlé, roinn na daltaí i gcúig ghrúpa a bheidh mórán ar cóimhéid agus iarr orthu cur síos chomh cruinn agus is féidir leo a dhéanamh ar dhá lá tipiciúla dóibhsean sa tseachtain; lá amháin i rith na seachtaine agus lá eile ag an deireadh seachtaine. Iarr orthu an tuarascáil a leagan amach ar shlí go mbeidh spás ann do gach uair an chloig agus breacadís síos a gcuid gníomhaíochtaí do gach spás dóibh sin, más féidir leo cosúil le féilire a scríobh. Ansin, abair leo trácht a dhéanamh ar na sceidil; cé mhéad a ceapann na daltaí go bhfuil sceideal leanaí athruithe i rith na mblianta? Ina dhiaidh sin, dail go randamach ar na cúig ghrúpa scéalta na leanaí a thugtar in Acmhainn 7 agus iarr orthu an rud céanna a dhéanamh le haghaidh dhá lá as sceideal na leanaí seo. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an ábhar seo, is féidir leis na múinteoirí an nasc seo thíos a úsáid chun rochtain a fháil ar alt ar an stair a bhaineann le cearta leanaí agus fostú leanaí:

History of child rights and child labour

Rama Kant Rai\*

## Gníomhaíocht Ghrúpa 2: Níos tábhachtaí ná ár gcearta?

An bhfuil aon chúinsí inar féidir cearta an duine a bheith curtha ar fionraí nó ar neamhní? An féidir linn údar maith a bheith againn chun aon cheann de chearta an duine a bhaint de dhuine éigin agus é sin a dhéanamh chun leas na sochaí i gcoitinne a chosaint? Agus má bhaintear cearta de dhuine, cathain a chríochnaíonn an beart sin? Fiafraigh de na daltaí conas a bhraitheann siad faoi sin; an aontaíonn siad gur féidir cearta a bhaint de dhuine éigin i gcúinsí áirithe? An bhfuil riachtanais na sochaí i gcoitinne níos tábhachtaí ná na cearta daonna atá ag duine aonair? Sa deireadh thiar, cé aige atá an ceart cinneadh a dhéanamh maidir leis na cearta atá ag duine a bhfuil amhras faoi a chur faoi chois? Bain úsáid as Acmhainn 8 chun leanúint ar aghaidh leis an díospóireacht agus tabhair ríocht simpláí sonracha.

Is féidir ansin a iarraidh orthu oibriú le chéile chun liosta a dhéanamh de na cearta a cheapann siad go léir atá bunriachtanach agus nach féidir iad a athrú, ar láimh amháin, agus na cearta a d'fhéadfaí a bhaint de dhaoine nó a d'fhéadfaí a thabhairt suas ar mhaithe leis an leas coiteann, ar an láimh eile.

## Gníomhaíocht Ghrúpa 3: Am díospóireachta!

Cén nasc atá ann idir traidisiúin áitiúla agus cearta an duine agus cearta mionlaigh? Bíonn díospóireacht go minic ann faoi thraidisiúin áirithe atá á gcleachtadh leis na céadta bliana in áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus gur traidisiúin iad sin atá contrártha amanna do chearta an duine. Nuair is nós linn gnás áirithe a chleachtadh, ní thugaimid faoi deara amanna cad iad na himpleachtaí a bhaineann leo. Roinn do rang i dtrí nó ceathair ghrúpa atá mórán ar cóimhéid. Abair leis na grúpaí



## ÁRAS STAIR NA HEORPA

go bhfuil orthu díospóireacht a ullmhú faoi mheas a léiriú do chearta an duine agus do chearta mionlaigh i gcomparáid le meas a léiriú do thraidisiúin agus nósanna. An féidir leis na daltaí samplaí a thabhairt de nósanna agus cleachtaí a bhféadfaí a thuiscint leo nach léiríonn siad meas ar chearta an duine ina bpobal féin, nó fiú go mbaineann siad an bonn de na cearta sin? Iarr orthu a mheas an bhfuil sé cuí bac a chur ar thraidisiúin agus nósanna áirithe atá ag náisiún nó ag grúpa ar leith, agus má tá, cén fáth go bhfuil nó cén fáth nach bhfuil? Le tuilleadh eolais a fáil faoi dhíospóireachtaí a eagrú i do sheomra ranga, féach ar an doiciméad seo a leanas le do thoil:

